

# ELeathanach264

Dé Luain 22 Bealtaine 2017

## Aimsir bhreá in Éirinn!

Beidh aimsir bhreá againn an tseachtain seo. Tá an samhradh linn! An teocht is airde a bheidh ann ná 22 céim. Tá gach duine ag súil leis an aimsir bhreá.

Bígí cinnte go gcaitheann sibh uachtar gréine. Beidh an aimsir is deise againn Déardaoin. Beidh an ghrian ag taitneamh agus beidh an aimsir an-te.



## Bainis Pippa Middleton

Bhí bainis Pippa Middleton ar siúl Dé Sathairn. Phós sí James Matthews. Chaith sí gúna álainn bán. Bhí go leor daoine ag an mbainis.

Tháinig cailín cara Harry chuig an bhféasta. Meghan Markle is ainm di. Is aisteoir í. Tá cónaí uirthi in California. Tá sí ina haisteoir ar an gclár *Suits*. Rachel Zane is ainm di ar an gclár sin.


Bhí Kate agus William ag an mbainis freisin. Bhí an Prionsa George agus an Banphrionsa Charlotte ag cabhrú freisin. Bhí orthú bláthanna a chaitheamh ar an úrlár sular tháinig Pippa isteach sa séipéal. Bhí lá iontach ag gach duine!



## Harry Styles

Tá Harry Styles ag canadh in Mexico Dé Máirt. Tá sé ag glacadh sosa anois in Los Cabos. Tá sé 23 bliain d'aois. Tá sé ag taisteal timpeall an domhain faoi láthair.

Tá a albam nua ag uimhir 1 sna cairteacha anois. Dhíol sé 230,000 albam go dtí seo. Tháinig an t-albam nua amach ar an 21 Bealtaine 2017. An singil nua atá aige ná 'Sign of the Times.' Tá sé ag canadh anois ina aonar ach thaitin *One Direction* go mór leis.



## Wayne Rooney

D'imir Manchester United an deireadh seachtaine seo caite. Bhí siad ag imirt i gcoinne Crystal Palace. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Manchester United 2: Crystal Palace 0.

Bhí páistí agus bean chéile Wayne Rooney ag an gcluiche. Coleen is ainm dá bhean chéile. Tá triúr páistí acu; Kai, Klay agus Kit is ainm dóibh. Beidh briseadh beag ag Wayne Rooney sa samhradh.